



An Bhruiséil, 29 Samhain 2021
(OR. en)

14212/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0108(COD)**

LIMITE

**COPEN 409
JAI 1280
CYBER 305
JAIEX 127
ENFOPOL 461
TELECOM 427
DATAPROTECT 265
EJUSTICE 101
MI 875
CODEC 1520**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach - Tuarascáil ar dhul chun cinn

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an gcaibidlíocht i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach.

Réamhrá

Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach ag Uachtaránacht na Portaingéile, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Uachtaránacht na Slóivéine chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad sin ó cuireadh tús lena sainordú. I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach an chibearspáis, tá sé ríthábhachtach do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear lucht forfheidhmithe an dlí, údaráis bhreithiúnacha, soláthraithe seirbhíse agus daoine a ndéanann na haistrithe sin difear dóibh, sásra éifeachtach iontaofa a bhunú lena ndéanfar foráil do struchtúir shoiléire agus coimircí soiléire chun fianaise leictreonach a fháil. Beidh sé ríthábhachtach freisin comhar éifeachtach a bheith ann le comhpháirtithe tríú tír de chuid an Aontais.

Dá réir sin, tionóladh an ceathrú cruinniú tríthaobhach polaitiúil maidir leis an gcomhad seo an 9 Iúil. Thug na reachtóirí dá n-aire an dul chun cinn a rinneadh agus phléigh siad roinnt de na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach go substaintiúil, gan teacht ar aon chomhaontú. D'aontaigh siad a gcuid malartuithe a dhíriú ar an gcóras fógraí dá bhforáiltear sa dréacht-Rialachán, i ngeall ar an ról lárnach atá aige maidir le héifeachtacht na hionstraime féin, agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú. D'aontaigh na reachtóirí freisin nach bhféadfaí comhréiteach a bhaint amach maidir le córas iomchuí fógraí ach amháin mar chuid de phacáiste níos leithne, lena n-áirítear saincheisteanna tábhachtacha eile a bhaineann leis an gcóras fógraí, amhail na rialacha maidir le forais a chur i bhfeidhm chun diúltú ordú táirgthe a chur i gcrích agus a n-iarmhairtí, chomh maith leis na rialacha maidir le faisnéis úsáideora agus na réitigh atá ar fáil don duine a bhfuil a shonraí á lorg trí ordú chun fianaise leictreonach a thabhairt ar aird.

Creat na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa

Ós rud é go bhfuil gá le pacáiste comhréitigh a fháil maidir leis an gcóras fógraí, agus ós rud é go raibh seasaimh éagsúla nach beag ag na reachtóirí maidir leis na saincheisteanna ábhartha, dhírigh an Uachtaránacht le linn a sainordaithe, bunaithe ar ionchur ó na Ballstáit, ar phlé teicniúil le foireann caibidlíochta na Parlaiminte. Cuireadh an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla ar an eolas go rialta faoin staid mar atá agus faoi shaincheisteanna a pléadh leis an bParlaimint. Leis an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla, bhíothas in ann teacht ar chomhdhearcadh laistigh den Chomhairle maidir le deiseanna caibidlíochta agus maidir leis na línte dearga laistigh den phacáiste níos leithne maidir leis an gcóras fógraí. Ar an gcaoi sin, neartaigh iarrachtaí leanúnacha na hUachtaránachta seasamh caibidlíochta na Comhairle go mór.

Bhí urraim agus iontaoibh fhrithpháirteach le brath go mór i rith an phlé leis an bParlaimint, agus chuir sé ar chumas na bhfoirne caibidlíochta dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh seasaimh a chéile a thuiscint, agus príomhstruchtúir phacáiste comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainiú. Ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú, áfach, maidir le príomhghnéithe an phacáiste chomhréitigh atá beartaithe.

Substaint na caibidlíochta

Tá an phríomhdhúshlán sa chaibidlíocht nasctha leis an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir sásra éifeachtach a áirithiú chun fianaise leictreonach a fháil in ábhair choiriúla ar thaobh amháin, agus cearta bunúsacha na ndaoine a bhfuil a gcuid sonraí á lorg ar an taobh eile a chosaint, agus prionsabal na muiníne frithpháirtí á chur san áireamh go hiomlán. Tá an dá reachtóir ar aon intinn, i bprionsabal, maidir leis an riachtanas sin. Agus beart cothromaíochta den sórt sin á dhéanamh, bhí tábhacht lárnach ag baint leis an díospóireacht i ndáil le córas iomchuí fógraí le haghaidh catagóirí éagsúla sonraí, agus leis an tsaincheist a bhaineann le forais le diúltú, rud a bhaineann go dlúth leis sin.

Baineann an phríomhdhifríocht idir na reachtóirí maidir leis na hoibleagáidí fógraí a thabhairt le ról faoi seach na stát atá rannpháirteach sna nósanna imeachta caomhnaithe nó chun fianaise a thabhairt ar aird. Cuireann an Chomhairle lena seasamh maidir le prionsabal na muiníne frithpháirtí agus na rialacha a bhfuil feidhm acu sa chibearspás, agus measann sí gur cheart go mbeadh an phríomhfhreagracht ar an stát eisiúna as próiseas cuí a áirithiú, agus as cearta bunúsacha aon duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg le hordú a chosaint. Tá rialacha mionsonraithe sa chiall sin san áireamh sa chur chuige ginearálta. Is mian leis an bParlaimint, áfach, cumhachtaí substaintiúla a thabhairt don stát forfheidhmiúcháin nó forghníomhaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar na horduithe go léir atá dírithe ar sholáthraí seirbhíse atá, nó a bhfuil a ionadaí dlíthiúil lonnaithe ar a chríoch.

I gcás fhormhór mór na mBallstát, ní féidir glacadh le córas den sórt sin. Ar an gcéad dul síos, chruthódh oibleagáid dhomhanda fógraí a thabhairt ualach riaracháin doláimhsithe don stát forfheidhmiúcháin nó forghníomhaithe, toisc gur dócha go mbeadh ar an stát sin, i gcleachtas, measúnú a dhéanamh ar gach ordú atá dírithe ar sholáthraí seirbhíse nó ar a ionadaí dlíthiúil atá lonnaithe ina chríoch. Ar an dara dul síos, ní chuirfí san áireamh le córas den sórt sin saintréithe na cumarsáide digití agus an chibearspáis, saintréithe atá an-éagsúil leis an timpeallacht a bhaineann le hionstraimí traidisiúnta cúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh sé go gciallódh na rialacha a mhol an Pharlaimint nach mbeadh an Rialachán chomh héifeachtach céanna i gcásanna áirithe leis na hionstraimí agus na bearta atá ann cheana, amhail na córais comhair dheonaigh atá ann faoi láthair le soláthraithe seirbhíse ó thríú stáit. Bheadh breisluach an Rialacháin thar a bheith teoranta sa chás sin.

Mar sin féin, d'admhaigh an Chomhairle iarrataí na Parlaiminte agus thairg sí lamháltais áirithe a dhéanamh, a chiallódh go substaintiúil go mbeadh tuilleadh deiseanna ag an stát forfheidhmiúcháin nó forghníomhaithe cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann a chosaint i gcásanna áirithe, chomh maith leis an gcosaint a áirithítear cheana sa stát eisiúna. Mheas an Pharlaimint, áfach, nach leor na lamháltais sin.

I measc na saincheisteanna eile atá fós gan réiteach a áirítear sa phacáiste comhréitigh sealadach, a bhfuil muinín ag an Uachtaránacht ina leith gur féidir teacht ar réitigh mar chuid de chomhréiteach ginearálta, áirítear an méid seo a leanas:

- liosta na bhforas le diúltú, ar mian leis an bParlaimint eilimintí a chur leo siúd a mhol an Chomhairle;
- substaint an chirt chun leigheasanna sa stát eisiúna agus sa stát forfheidhmiúcháin nó forghníomhaithe;
- substaint cheart an duine a bheith ar an eolas gur eisíodh ordú lena n-iarrtar a chuid sonraí agus go bhfuarthas na sonraí, go háirithe maidir le céim na n-imeachtaí ag a dtiocfadh an ceart sin chun cinn.

Conclúid

Tugann an Uachtaránacht dá haire gur thairg an Chomhairle lamháltais shubstaintiúla a dhéanamh don Pharlaimint d'fhonn teacht ar chomhaontú, agus í ag áitiú maidir le roinnt príomhghnéithe den Chur Chuige Ginearálta, go háirithe an critéar cónaithe, mar a thugtar air, lena n-áiríteofaí sna cásanna sin ina bhfuil cónaí ar an duine a bhfuil a shonraí á lorg ar chríoch an stáit eisiúna, nach bhfuil gá le fógra a thabhairt faoin stát forfheidhmiúcháin nó forghníomhaithe. Mheas an Pharlaimint nach raibh na lamháltais sin leordhóthanach go dtí seo.

D'ainneoin na lamháltas a thairg an Pharlaimint, measann an Uachtaránacht go gcaithfidh an dá pháirtí iarrachtaí breise a dhéanamh chun teacht ar chomhréiteach maidir leis an gcomhad fíorthábhachtach sin. Níor cheart, áfach, go mbeadh comhréiteach ann chun ionstraim neamhchothrom agus neamhéifeachtúil a bhaint amach, rud a chuirfeadh teorainn mhór le cur i bhfeidhm praiticiúil phrionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit sa réimse sin. Is é tuairim na hUachtaránachta go mbeadh sé sin amhlaidh dá n-áireofaí tograí áirithe de chuid na Parlaiminte i dtéacs deiridh an Rialacháin.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an Rialachán a ghlacadh agus a chur chun feidhme sa tréimhse atá amach romhainn. Tá an Uachtaránacht muiníneach go mbeifear in ann é sin a dhéanamh go fóill má leanann na reachtóirí dá n-iarrachtaí chun teacht ar réitigh éifeachtacha ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus leas á bhaint acu as an meon comhoibritheach a cothaíodh le linn na caibidlíochta go dtí seo.
